

GAEILGE - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR II
(180 marc)

DÉ LUAIN, 15 MEITHEAMH - MAIDIN, 9.30 go dtí 12.30

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)

Gach ceist (1, 2, 3 agus 4) a fhreagairt.

CEIST 1

— PRÓS —

[40 marc]

Freagair **A** agus **B** anseo.

A — PRÓS DUALGAIS COMÓNTA — (25 mharc)

Freagair **(a)** nó **(b)** anseo.

- (a)** Déan plé **gairid** ar a éifeachtaí, dar leat, is a léirítear meon na príomhphearsan sa sliocht as *Deoraíocht*.
(25 mharc)

NÓ

- (b)** Scríobh tuairisc **ghairid** ar na deacrachtaí a nochtann Aodh dúinn faoina shaol teaghlaigh sa sliocht as *Mise Mé Féin*.
(25 mharc)

B — PRÓS ROGHNACH — (15 mharc)

Freagair **(a)** nó **(b)** anseo.

- (a)** Maidir le scéal ar bith nó gearrscéal nó úrscéal nó dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), scríobh cuntas **gairid** ar an bhforbairt a dhéantar ann ar charachtar na príomhphearsan ó thosach deireadh an tsaothair sin.
[Ní mór teideal an tsaothair a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]
(15 mharc)

NÓ

- (b)** Maidir le saothar tuairisciúil Gaeilge ar bith (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), tabhair cuntas **gairid** ar **dhá ghné** den saothar sin a thaitin leat, agus ar na fáthanna ar thaitin siad leat.
[Ní mór teideal an tsaothair sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]
(15 mharc)

Freagair do rogha ceann amháin de A, B, C, D anseo thíos.

A — GEARRSCÉALTA — (40 marc)

Freagair (a) nó (b) anseo.

(a) **SCOTHSCÉALTA** (40 marc)

- (i) "Tá an-léiriú sa scéal *Nóra Mharcais Bhig* ar an gcoimhlint is féidir a bheith i gcroí agus in intinn an duine idir an mhaith agus an t-olc." É sin a phlé.

NÓ

- (ii) "Is minic daoine á gcur os ár gcomhair sna scéalta seo ar bhain tubaiste dóibh nó a ndearnadh éagóir de shaghas éigin orthu."

É sin a phlé i gcás ceann amháin de na scéalta seo:- *Páidín Mháire, An Bhean ar Leag Dia Lámh Uirthi, Neill, An Bhean a Ciapadh.*

(b) **CNUASACH GEARRSCÉALTA ROGHNACH** (40 marc)

- (i) Maidir leis an bpríomhphearsa i ngearrscéal ar bith as do chnuasach roghnach, déan plé ar an léiriú a dhéantar ar mhóthréith amháin a bhain leis an duine sin.
[Ní mór teideal an ghearrscéil sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

NÓ

- (ii) Maidir le gearrscéal ar bith as do chnuasach roghnach, scríobh tuairisc ar an bpríomhthéama ann, agus ar an gcaoi a ndeachaigh sé i bhfeidhm ort.
[Ní mór teideal an ghearrscéil sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

B — ÚRSCÉALTA — (40 marc)

Freagair (a) nó (b) anseo.

(a) **MÁIRE NIC ARTÁIN** (40 marc)

- (i) Scríobh tuairisc ar an bhforbairt a dhéantar san úrscéal seo ar an gcaidreamh idir Máire agus Seirse.

NÓ

- (ii) An tábhacht, dar leat, a bhaineann le beirt ar bith de na mionphearsana san úrscéal seo a phlé.

(b) **ÚRSCÉAL ROGHNACH** (40 marc)

- (i) Maidir leis an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air, scríobh tuairisc air faoi **dhá cheann** de na ceannteidil seo a leanas:- pearsa ann a thaitin leat; pearsa ann nár thaitin leat; an plota; suíomh agus atmaisféar. [Ní mór teideal an úrscéil sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

NÓ

- (ii) "Is minic gnéithe tábhachtacha de shaol an duine á gcur os ár gcomhair in úrscéalta."

É sin a phlé maidir leis an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air.

[Ní mór teideal an úrscéil sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

C – DÍRBHEATHAISNÉISÍ – (40 marc)

Freagair (a) nó (b) anseo.

(a) **A THIG NÁ TIT ORM**

(40 marc)

- (i) Maidir le Maidhc Dainín, údar an leabhair seo, scríobh tuairisc ar a bhfuil de léiriú le fáil sa leabhar ar **dhá** thréith a bhaineann leis.

NÓ

- (ii) "Bua de chuid an údair seo is ea a fheabhas atá sé chun cur síos a dhéanamh ar eachtraí spésiúla a bhain dó."

É sin a phlé trí thagairt do **dhá** eachtra ar a laghad dá leithéid.

(b) **DÍRBHEATHAISNÉIS ROGHNACH**

(40 marc)

- (i) "Is minic cur síos i ndírbheathaisnéis ar fhadhbanna pearsanta nó ar dheacrachtaí móra a raibh ar an údar aghaidh a thabhairt orthu."

É sin a phlé maidir le **dhá** cheann de na fadhbanna nó de na deacrachtaí úd sa dírbheathaisnéis roghnach a ndearna tú staidéar uirthi.

[Ní mór teideal na dírbheathaisnéise sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

NÓ

- (ii) Scríobh tuairisc ar **dhá** thréith a bhain le húdar na dírbheathaisnéise roghnaí a ndearna tú staidéar uirthi.

[Ní mór teideal na dírbheathaisnéise sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

D – DRÁMAÍ – (40 marc)

Freagair (a) nó (b) anseo.

(a) **AN TRIAIL**

(40 marc)

- (i) "Dráma ina gcuirtear ceisteanna crua faoi shaol na hÉireann é *An Triail*."

É sin a phlé i gcás do rogha **dhá** cheann de na "ceisteanna crua" sin.

NÓ

- (ii) Scríobh tuairisc ar **dhá** cheann de na coimhlintí atá sa dráma seo idir na pearsana difriúla.

(b) **DRÁMA ROGHNACH**

(40 marc)

- (i) Maidir leis an dráma roghnach a ndearna tú staidéar air, déan cur síos ar an bpáirt a ghlacann an *phríomhphearsa* ann ó thosach deireadh an dráma.

[Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an údair, a bhreacadh síos go cruinn.]

NÓ

- (ii) Maidir leis an dráma roghnach a ndearna tú staidéar air, déan cur síos ar an bplota atá ann agus ar an gcuid den plota is mó a thaitin leat féin. Luaigh fáth **amháin** ar thaitin (nó nár thaitin) *críoch* an dráma úd leat.

[Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an údair, a bhreacadh síos go cruinn.]

Freagair **A**, **B**, agus **C** anseo.

A – DÁNTA DUALGAIS COMÓNTA – (20 marc)

Freagair **(a)** **nó** **(b)** anseo.

- (a)** **(i)** Cad é príomhthéama an dáin *Éiceolaí* (thíos), dar leat? Déan plé **gairid** ar an gcaoi a gcuirtear an príomhthéama sin os ár gcomhair sa dán. (12 mharc)
- (ii)** Nóta **gairid** uait faoin gcúis, dar leat, ar roghnaigh an file an focal "éiceolaí" mar theideal ar an dán. (8 marc)

ÉICEOLAÍ

Tá bean béal dorais a choinníonn caoi ar a teach,
a fear, a maic,
is a shíleann gairdín a choinneáil mar iad, go baileach.
Beireann sí deimheas ag an uile rud a fhásann.
Ní maith léi fiántas.
Ní fhoighníonn le galar ná smál ná féileacán bán
ná piast ag piastáil
is ní maith léi an bláth a ligfeadh a phiotail ar lár.

Cuirim feochadáin chuici ar an ngaoth.
Téann mo sheilidí de sciúird oíche ag ithe a cuid leitíse.
Síneann na driseacha agamsa a gcosa faoin bhfál.
Is ar an bhféar aici siúd a dhéanann mo chaorthainnse
cuileanna glasa a thál.

Tá bean béal dorais a choinneodh a gairdín faoi smacht
ach ní fada go mbainfimid deireadh dúile dá misneach.

NÓ

- (b)** **(i)** "Bua de chuid an dáin *Cártaí Poist* (thíos) an t-atmaisféar síochánta a fhíonn an file thart ar a bhfuil le hinsint aige." (12 mharc)
- É sin a phlé.
- (ii)** Cén pictiúr a chuirtear romhainn sa *triú* véarsa? Luaigh fáth amháin a dtaitníonn (**nó** nach dtaitníonn) an pictiúr sin leat. (8 marc)

CÁRTAÍ POIST

An t-aer ina chriathar bán
ag craos glórach na bhfaoileán
os cionn an tráiléara
ag teacht chun cuain
is clogáin na ngabhar
ag bualadh go toll
i measc na gcrann líomóin.

Seanbhean i bhfeisteas caointe
cromtha faoi ualach paidreacha
ina ciaróg chráifeach
ag triall ar an aragal
cois cladaigh
is clog práis slóchta le meirg
ag casachtaigh sa séipéal aoldaite.

Leannáin órtha ag siúl na trá
ag éiseacht le bladar na farraige
is aoire cianaosta
i dtábhairne ar bharr cnoic
ag imirt fichille le hiarlais
i mbristín snámha,
a gharmhac bán ó Bhronx Nua-Eabhrac.

Ar ardán os cionn na trá
breacaimid aibítir solais ar phár
is seolaimid ár mbeannachtaí gréine
ar chártaí poist go hÉirinn.

B – DÁNTA ROGHNACHA – (15 mharc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) Maidir le dán **amháin** as do chuid dánta roghnacha, déan trácht **gairid** ar an bpríomh-mhothú atá ann, agus ar an gcaoi a léirítear an mothú sin. (7 marc)
- (b) "Is minic éifeacht dánta ag brath go mór ar an úsáid a bhaintear iontu as *meafair*, as *íomhánna*, agus as *samhlacha*."

É sin a phlé go **gairid** maidir leis an **dán céanna** a luaigh tú i gcuid (a) nó maidir le **dán eile** as do chuid dánta roghnacha. (8 marc)

[Ní mór teideal an dáin/teidil na ndánta i gcás (a) agus (b) thuas, mar aon le hainm an fhile/hainmneacha na bhfilí a chum iad, a bhreacadh síos go cruinn.]

C – DÁNTA DUALGAIS BREISE – (35 mharc)

Freagair (a) **nó** (b) anseo.

- (a) Freagair (i), (ii) **agus** (iii) thíos.

- (i) "Tá an-léiriú sa dán *Máthair* (**thíos**) ar an teannas is féidir a bheith uaireanta idir tuismitheoir agus páiste."

É sin a phlé. (20 marc)

- (ii) Míniú an tagairt atá sa dá líne seo a leanas:-

*"Féile Uí Bhriain
is a dhá shúil ina dhiaidh."*

(5 mharc)

- (iii) "*Ach tá's agam do fhreagra* –"

Cén freagra, dar leis an bhfile, a thabharfadh a máthair ar na ceistanna a chuireann an file ag tosach an véarsa seo? (10 marc)

MÁTHAIR

Do thugais dom gúna
is thógais arís é;
do thugais dom capall
a dhíolais i m'éagmais;
do thugais dom cláirseach
is d'iarrais thar n-ais é;
do thugais dom beatha.

Féile Uí Bhriain
is a dhá shúil ina dhiaidh.

Cad déarfá
dá stracfainn an gúna?
dá mbáfainn an capall?
dá scriosfainn an chláirseach
ag tachtadh sreanga an aoibhnis
is sreanga na beatha?
dá siúlfainn le haille
thar imeall Cuas Cromtha?
ach tá's agam do fhreagra, –
le d'aighe mheánaoiseach
d'fhógrófá marbh mé,
is ar cháipéisí leighis
do scríobhfaí na focail
mí-bhuíoch, scitsifréineach.

NÓ

(b) Freagair (i), (ii) agus (iii) thíos.

- (i) Maidir leis an dán *Gadscaoileadh* (thíos) scríobh tuairisc ar an bpríomhthéama ann agus ar an gcaoi a gcuirtear romhainn é. (20 marc)
- (ii) Nóta **gairid** uait faoi mhothúcháin an fhile sa dán. (9 marc)
- (iii) Luaigh **dhá** phointe faoi mheadaracht an dáin seo. (6 mharc)

GADSCAOILEADH

Más beo do bheo dá n-éis
Na gaid go léir a scaoilis,
Is nach corpán ar do chosa thú
Iontach liom mar éacht é.

Gad do dhúchais dual ar dhual
Anuas má ghearrais díot é,
Ait liom i ndiaidh na seanairte
Más tú atá ann ach iarlais.

Dá gcuirteá an scéal im' chead
Déarfainn leat a theacht ceart
Is féachaint go bhfáiscfeá leath-ghad
In aghaidh gach gaid a scaoilis.

Leath-ghad a chaitheas id' threo uair
Mar dhúil go bhfáiscfeá aniar é,
Leor-eol dom ó shin i leith
Id' láimh nár rugais riamh air.

Minic a tháinig dem' dhíomá
Tuairimí agam ort is smaointe,
Nár mhaise dom a dtagairt leat
Dá dtagainn féin ceart id' thaobhsa.

Gaid a scaoileadh ní ionann
Is ualach a ligean síos díot,
Ach i gcuimhne mo leath-ghaid
Is faoiseamh a ghuim duit.

CEIST 4

— STAIR NA GAELIGE —

[30 marc]

Scríobh gearrchuntas ar **dhá cheann** acu seo a leanas:-

(a) Do rogha **beirt** díobh seo:-

Aogán Ó Rathaille; Seán Ó Ríordáin; Pádraig Ó Conaire; Máire Mhac an tSaoi; Caitlín Maude;
Cathal Ó Searcaigh; Liam Ó Flaithearta; Pádraig Mac Piarais.

(b) An Fhiannaíocht (Is leor **trí** mhórpoinnte).

(c) Téama an ghrá i bhfilíocht na Gaeilge (Is leor **trí** mhórpoinnte).

(d) Athbheochan na Gaeilge (Is leor **trí** mhórpoinnte).

(e) Do rogha **beirt** de na scoláirí Gaeilge seo:-

Rudolf Thurneysen; Robin Flower; Osborn Bergin; Seán Ó Donnabháin; Thomas F. O'Rahilly.

(f) Roinnt difríochtaí idir do rogha **dhá** mhórchanúint Ghaeilge.